



Comhairle Contae Lú
Louth County Council

Ball nua?

16 nó 17 mbl. d'aois?

Mo Leabharlann Oscailte Foirm Iarratais

Líon isteach an fhoirm thíos agus léigh na téarmaí agus na
coinníollacha thall,
Caithfear é a shíniú i láthair bhall foirne.

Ainm:

Uimhir an Chárta
Leabharlainne:

I gcás daoine atá 16 nó 17 mbliana d'aois, caithfidh tuismitheoir nó caomhnóir an chuid thíos a líonadh isteach

Ainm an Tuismitheora/an
Chaomhnóra:

Uimhir fóin an
Tuismitheora / an
Chaomhnóra:

Seoladh ríomhphoist an
Tuismitheora / an
Chaomhnóra:

An bhfuil tú i riocht sláinte a chiallaíonn go mbeadh sé deacair ort imeacht amach as an bhfoirgneamh i gcás éigeandála? Má tá, inis é sin do bhall foirne. Nuair a shíníonn tú an fhoirm seo, deir tú go dtuigeann tú na téarmaí agus coinníollacha a ghabhann le bheith i do bhall den leabharlann, atá leagtha amach thall. Aontaím/aontaímíd, a bhfuil mo shíniú/ár síniú tugtha thíos, leis na téarmaí agus coinníollacha atá leagtha amach thuas:

Ball _____ Tuismitheoir/Caomhnóir _____

Síniú (le síniú i láthair duine d'fhoireann na leabharlainne)

Dáta _____

Síniú Foirne: _____

Úsáid na hoifige amháin

Os cionn 16
Seiceáil PIN

ID grianghraif
Leithris

Cead Idirlín
Slite amach

Seiceáil Cuntais

Teachtféinseirbhíse ar threalamh TFC
Limistéir nach bhfuil ar fáil le linn MLO

Ceadaithe Nasc cuntas tuismitheora nó linbh
ID grianghraif Tuismitheora / Caomhnóra curtha ar fáil
(i gcás daoine atá 16 nó 17 bl. d'aois)

Tabhair eolas cuntais chun dáta

Mo Leabharlann Oscailte - Beartas Úsáideora

Ceapadh an beartas úsáideora *Mo Leabharlann Oscailte* seo a chun go mbeidh timpeallacht fáiltiúil ann don léitheoireacht, don fhoghlaim agus do ghníomhaíochtaí leabharlainne eile agus chun cearta agus sábháilteacht bhaill agus fhoireann na leabharlainne a chosaint agus chun ábhair, trealamh agus áiseanna na leabharlainne a chosaint agus a chaomhnú. Is seirbhís í *Mo Leabharlann Oscailte* trínar féidir an leabharlann a úsáid lasmuigh de na huaireanta oifigiúla. Ní bheidh aon bhall foirne i láthair. Ba chóir fadhbanna a thagann chun cinn (seachas rudaí a bhfuil baint acu le slándáil) le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte* a thairfeadh sa logleabhar. I gcás rudaí a bhaineann le slándáil, féach uimhir a 10 thíos. Bíonn ceamara teilifíse ciorcad dúnta ag obair an t-am ar fad.

Téarmaí agus coinníollacha Mo Leabharlann Oscailte

1. Ní mór do dhaoine a bheith 16 bliana d'aois ar a laghad chun dul isteach i *Mo Leabharlann Oscailte*. Ní mór cead tuismitheora a bheith ag daoine atá 16 nó 17 bliana d'aois chun bheith ina mball de *Mo Leabharlann Oscailte*. Ní mór do thuismitheoirí/caomhnóirí daoine atá 16 nó 17 bliana d'aois a bheith cláraithe mar bhaill den leabharlann.
2. Le clárú le haghaidh *Mo Leabharlann Oscailte*, ní mór ballraíocht chun dáta a bheith ag baill, agus gach fineáil a bheith íoctha agus gach mír a tógadh ar iasacht tugtha ar ais má tá an tréimhse iasachta istigh.
3. Ní mór do na baill eolas a bheith acu ar conas a oibríonn an leabharlann agus ar leagan amach na leabharlainne fad a bhíonn sé i mód *Mo Leabharlann Oscailte*. Cuirtear an t-eolas seo ar fáil do gach ball in ionduchtú gearr a thugann foireann na leabharlainne nuair a chláraíonn daoine do *Mo Leabharlann Oscailte*.
4. Níor cheart an cárta leabharlainne agus an PIN a choimeád le chéile. Má ghoidtear nó má chailltear cárta leabharlainne, abair leis an bhfoireann leabharlainne é a luaithé is féidir.
5. Ní ceadmhach ach do thuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí páistí faoi 16 a thabhairt isteach i *Mo Leabharlann Oscailte* agus ní mór dóibh súil a choimeád ar na páistí fad a bhíonn siad sa leabharlann.
6. Níl cead ag baill *Mo Leabharlann Oscailte* cárta aon duine eile a úsáid ná a gcárta féin a thabhairt ar iasacht.
7. Caithfear an cárta a svaidhpeáil gach uair dá dtéann tú isteach sa leabharlann, fiú má duine éigin eile leat.
8. **Is faoi gach ball de *Mo Leabharlann Oscailte* atá sé féachaint chuige nach n-úsáideann aon duine eile a gcárta chun dul isteach sa leabharlann.** An t-aon eisceacht ar seo ná na cásanna a thugtar i dtéarmaí 5 agus 11.
9. **Iarrtar ar gach ball de *Mo Leabharlann Oscailte* fanacht taobh thiar den doras ar an tsli isteach sa leabharlann go dtí go ndúntar an doras sin.**
10. Ní mór do bhaill fón póca a thabhairt leo chun an leabharlann a úsáid le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*. I gcás éigeandála nó má tá fadhb shláinte nó sábháilteachta ann, cuir glao ar na seirbhísí éigeandála ag 999 ó líne thalún nó 112 ó fhón póca.
11. I gcás éigeandála leighis, cuir glao ar otharcharr. Glaigh ar 112 ó fhón póca nó 999 ó líne thalún. Is é A92 XH22 Eirchód na leabharlainne. Ba chóir do bhaill ligean d'fhoireann otharchair dul isteach sa leabharlann agus mionsonraí na hócáide a scríobh isteach sa logleabhar.
12. Ní mór tuiscint a bheith ag na baill ar conas an leabharlann a fhágáil in éigeandáil le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*.
13. **Tá cosc ar na rudaí seo a leanas fad a bhíonn tú sa leabharlann le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*. Is féidir nach liosta iomlán é seo.**
 - a) Iompar bagrach nó maslach i leith custaiméirí eile nó baill foirne.
 - b) Aon rud mídhleathach a dhéanamh (glaonna gan chúis ar na seirbhísí éigeandála san áireamh).
 - c) Damáiste a dhéanamh do rud ar bith a bhaineann leis an leabharlann.
 - d) Dul isteach i limistéar mar a bhfuil comhartha a deir 'Don Fhoireann Amháin'
 - e) Gan cloí le nósanna sláinte agus sábháilteachta nó le druileanna.
 - f) Bheith faoi thionchar alcóil nó drugaí.
 - g) Rud ar bith a sháraíonn an tAcht Cóipchirt 2000.
 - h) Gnáth-thoitíní nó toitíní leictreonacha a chaitheamh.
 - i) Rud ar bith a thógáil amach as an leabharlann gan é a sheiceáil amach ar dtús
 - j) Rudaí a bhaineann leatsa a fhágáil sa leabharlann i do dhiaidh, go háirithe istoiche.

Baill de *Mo Leabharlann Oscailte* a dhéanann aon cheann de na rudaí thuas, beidh téarmaí agus coinníollacha na leabharlainne sáraithe acu agus ní bheidh cead acu leanúint ar aghaidh leis an tseirbhís *Mo Leabharlann Oscailte*. Seo a leanas na tréimhse fionraí, nuair nach mbeidh cead agat *Mo Leabharlann Oscailte* a úsáid:

- An chéad uair - fionraí dhá mhí
- An dara huair - fionraí sé mhí
- An tríú huair - fionraí bliana
- Is féidir baill de *Mo Leabharlann Oscailte* a chur amach as an leabharlann gan cead filleadh i gcás go ndéanann siad rud éigin tromchúiseach a sháraíonn na téarmaí agus na coinníollacha.

Cuirfear in iúl do bhaill *Mo Leabharlann Oscailte* é má sháraíonn siad na téarmaí nó na coinníollacha seo i nglao gutháin, agus i litir/ríomhphost ina gcuirfear an sárú in iúl dóibh agus an dáta óna gcuirfear an fionraí i bhfeidhm. Beidh 30 lá ag baill chun an fionraí a achomharc. Ba chóir an t-achomharc a dhéanamh i scríbhinn chuig an Leabharlann Contae.

14. Tá tuismitheoirí/caomhnóirí/cúramóirí freagrach as féachaint chuige go ndéanann a bpáistí de réir na mbeartas thuas, agus bíonn siad freagrach as iompar agus sábháilteacht a leanaí i gcónaí.
15. Beidh duine fásta freagrach i dteannta gach páiste faoi 16 a thagann isteach sa leabharlann le linn uaireanta *Mo Leabharlann Oscailte*. Féadfaidh daoine óga idir 16 agus 18 *Mo Leabharlann Oscailte* a úsáid tar éis an t-ionduchtú a dhéanamh agus cead scríofa a fháil ó thuismitheoir/caomhnóir. Caithfidh na tuismitheoirí a bheith i láthair ag an ionduchtú agus cuirfear scéala chucu má bhíonn aon fhadhb ann le húsáid *Mo Leabharlann Oscailte*.
16. Ní bheidh an bhainistíocht freagrach as aon chailleadh nó damáiste a dhéantar do mhaoin phearsanta a fhágtar sa leabharlann gan duine éigin i bhfeighil air.
17. Tabhair cuairt ar ár láithreán gréasáin ar <https://www.louthcoco.ie/en/services/library/online-services/data%20protection%20statement/> chun ár Ráiteas Sábháilteachta faoi Chosaint Sonraí do Leabharlanna Lú a léamh.